




# Scagthástáil Éisteachta do Leanbh

Do leanaí a fuair sainchúram nó dianchúram (NICU)





# Scagthástáil Éisteachta do Leanbh

Déanfar sraith scrúduithe sláinte a thairiscint do do leanbh sna chéad seachtaine ar an saol. Ina measc beidh scagthástáil éisteachta. Úsáidtear dhá mhodh shimplí sa tástáil seo chun éisteacht do naíonán nuabheirthe a scrúdú.

## Cén fáth a ndéantar scagthástáil ar éisteacht mo leanbh?

As gach 1,000 leanbh a bhfuil ar a laghad dhá lá iomlán caite acu in aonad sainchúraim naíonán nó in aonad dianchúraim nua-naíocha, bíonn cailleadh éisteachta ag timpeall triúr acu i gcluas amháin nó sa dá chluas. Níl sé éasca cailleadh éisteachta a aithint i leanbh óg. Fágfaidh an scagthástáil éisteachta seo go mbeifear in ann leanaí a bhfuil cailleadh éisteachta acu a shainaithint go luath. Tuigtear go bhfuil tábhacht ag baint le sainaithint luath ó thaobh fhorbairt an pháiste. Toradh eile atá ar shainaithint luath ná gur féidir tacaíocht agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí go luath.

## An bhfuil baol ann go bhféadfadh cailleadh éisteachta a bheith ag mo leanbh?

Tá cúiseanna aitheanta áirithe ann a d'fhéadfadh do leanbh a chur i mbaol cailleadh éisteachta a bheith aici nó aige.

Seo thíos liosta díobh:

- Bhí sainchúram nó dianchúram de dhíth ar do leanbh go luath ina saol/shaol.
- Fadhbannaí sláinte éagsúla. Is féidir leat labhairt le péidiatraí (dochtúir leanaí) do leanbh chun tuilleadh eolais a fháil futhú sin.
- Cailleadh éisteachta ó rugadh iad nó ó luath ina n-óige a bheith ag baill eile de theaghlach do leanbh, lena n-áirítear seantuismitheoirí, aintíní agus uncailí.

## Cén uair agus cén áit a mbeidh an scagthástáil ar siúl?

Is féidir an scagthástáil a dhéanamh de ghnáth sula bhfágfaidh do leanbh an t-ospidéal. Murar féidir é sin a dhéanamh, déanfaimid teagmháil leat le tú a chur ar an eolas faoi am a d'fhéadfaí é a dhéanamh agus cén áit, faoi réir toiliú a fháil uaitse.

## An mbeidh an scagthástáil éisteachta pianmhar do mo leanbh?

Ní bheidh. Ní bhíonn an tástáil pianmhar ná míchompordach. Is gnách an scagthástáil a dhéanamh nuair a bheidh do leanbh ina codladh/ina chodladh nó suaimhneach.

## Cad é atá i gceist leis an scagthástáil éisteachta?

Is scagthóir oilte a dhéanfaidh an scagthástáil éisteachta. Tá dhá shlí go príomha scagthástáil a dhéanamh ar éisteacht leanaí:

### 1 Uath-Astú Otafhuaimiúil (AOAE)

- Cuireann an scagthóir cluaisín beag a bhfuil barr bog air i gcuid sheachtrach chluas do leanbh. Seoltar fuaimeanna cliceála síos an chluas.
- Nuair a chloiseann an chluas fuaim, déanann an chuid inmheánach, a dtugtar an cochla uirthi, macalla de ghnáth.
- Tá an trealamh scagthástála in ann an macalla sin a fháil.

### 2 Uathfhreagairt Éisteachta Stoc na hInchinne (AABR)

- Cuireann an scagthóir trí bhraiteoir bheaga ar cheann agus ar mhúineál do leanbh.
- Cuirtear cluasáin bhoga, a ndéantar go speisialta le haghaidh leanaí, ar chluasa do leanbh agus castar sraith fuaimeanna cliceála.
- Tomhaiseann an trealamh scagthástála éisteachta cé chomh maith is a bhfreagraíonn cluasa do leanbh d'fuaimeanna.

Tá an dá mhodh scagthástála simplí, go hiomlán sábháilte agus gan phian. Is féidir leat fanacht le do leanbh i rith na scagthástálacha. Má tá do leanbh san aonad sainchúraim naíonán nó in aonad dianchúraim nua-naíocha, (NICU) agus nach féidir leat i gcónaí teacht ar cuairt i rith an lae, d'fhéadfaí an rogha a thabhairt duit an scagthástáil a dhéanamh gan tú a bheith i láthair.

## **Cén uair a gheobhaidh mé torthaí na scagthástála éisteachta?**

- Má fhreastalaíonn tú ar an scagthástáil tabharfaimid na torthaí duit láithreach.
- Mura mbíonn tú i láthair ag an am a dhéantar an scagthástáil tabharfaimid na torthaí duit go luath ina dhiaidh.
- Má bhíonn ábhar imní nó ceisteanna ar bith agat maidir leis an toradh a fhaigheann do leanbh, déan teagmháil le Clár Scagthástála Éisteachta Naíonán Nuabheirthe (Newborn Hearing Screening Programme). Tá an uimhir theileafóin ar chúl an leabhráin seo.

## **Cad é a chiallaíonn na torthaí má léiríonn an scagthástáil éisteachta freagairt shoiléir ó dhá chluas mo leanbh?**

Ciallaíonn sé sin nach dócha go bhfuil cailleadh éisteachta ag do leanbh. Slí an-iontaofa is ea an Clár Scagthástála Éisteachta Naíonán Nuabheirthe le cailleadh éisteachta a bhrath go luath. Is féidir cailleadh éisteachta teacht ar pháistí ag pointe níos déanaí ina saol agus mar sin tá sé tábhachtach éisteacht do pháiste a sheiceáil agus iad ag fás aníos.

I ndiaidh na scagthástála éisteachta tabharfaimid dhá *Liosta Seiceála* duit. Taispeánann siad seo na fuaimeanna ar chóir do do leanbh freagairt dóibh agus na fuaimeanna ar chóir don leanbh a dhéanamh agus í/é ag fás aníos.

D'fhéadfaí scrúduithe breise a shocrú do do pháiste fiú má léiríonn an scagthástáil freagairtí soiléire. Má bhíonn ábhar imní ar bith agat maidir le héisteacht do pháiste, déan é sin a phlé leis an altra sláinte poiblí nó le do liachleachtóir ginearálta (dochtúir teaghlaigh). Is féidir éisteacht do pháiste a thástáil ag aois ar bith.

## **Cad é a chiallaíonn na torthaí má léiríonn an dara scagthástáil éisteachta freagairt shoiléir ó dhá chluas mo leanbh?**

Tarlaíonn sé seo go minic agus ní gá gur léiriú atá ann cailleadh éisteachta a bheith ag do leanbh.

Tá roinnt cúiseanna ann maidir le cén fáth a mbeadh sé deacair éisteacht do leanbh a scrúdú:

- D'fhéadfadh sé go raibh do leanbh míshuaimhneach nuair a rinneadh an scagthástáil.
- D'fhéadfadh sé go bhfuil sreabhán nó bacainn shealadach i gcluas do leanbh tar éis a b(h)reithe. Ní aon chúis imní é seo agus beidh deireadh leis in imeacht ama.
- D'fhéadfadh sé go raibh callán sa chúlra nuair a bhí an scagthástáil ar siúl.

Iarrfar ort do leanbh a thabhairt chuig an gClinic Éisteolaíochta (clinic na gcluas) áit a dhéanfar tástálacha breise chun éisteacht do leanbh a mheas. Tabharfaimid bileog duit ag míniú cad é atá i gceist leis seo.

## **Cad é an dóchúlacht go bhfuil cailleadh éisteachta ag mo leanbh?**

Déanfar freagairtí soiléire i leith fuaimne a thaifeadadh do mhórán leanaí sna scagthástálacha agus i dtástálacha breise ar bith a dhéanann éisteolaí (duine a dhéanann speisialtóireacht san éisteacht). Mar sin féin, d'fhéadfadh cailleadh éisteachta a bheith ag do leanbh. As gach 1,000 leanbh a bhfuil ar a laghad dhá lá iomlán caite acu faoi dhianchúram, bíonn cailleadh éisteachta ag timpeall triúr acu.

Má fhaigheann tú amach go bhfuil cailleadh éisteachta ag do leanbh, ciallaíonn sé sin go bhfaighidh tú féin agus do leanbh comhairle agus tacaíocht chuí ón tús.

## **Cá háit ar féidir liom tuilleadh eolais a fháil?**

Más mian leat tuilleadh eolais a fháil maidir le scagthástáil éisteachta do leanbh, is féidir teagmháil a dhéanamh leis an gClár Scagthástála Éisteachta Naíonán Nuabheirthe (Newborn Hearing Screening Programme). Tá an uimhir theileafóin agus sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo.



An t-ábhar seo curtha ar fáil go fíal ag an gClár Scagthástála Éisteachta do Naíonáin Nuabheirthe, an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) / Coiste Náisiúnta Scagthástála, an Ríocht Aontaithe